



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preasráiteas Press Statement

Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, Ráithe 3 2016

Achoimre ar thorthaí ceannlíne

Príomhthorthaí	Ráithe 3 2016	Athrú bliantúil
Fostaithe	2,040,500	+ 57,500
Dífhostaithe	177,700	- 25,300
Sa Lucht Saothair	2,218,200	+ 32,200
Gan a bheith sa Lucht Saothair	1,430,300	+ 3,100

Líon na nDaoine i bhFostaíocht

- ◆ Bhí méadú bliantúil i bhfostaíocht arbh ionann é agus 2.9% nó 57,500 duine sa bhliain go dtí Ráithe 3 2016, rud a fhágann an líon iomlán daoine i bhfostaíocht ag 2,040,500.
- ◆ Ar bhonn coigeartaithe de réir séasúir, tháinig méadú de 13,500 duine (+0.7%) ar fhostaíocht le linn na ráithe. Tagann an méadú seo i gcomharbacht ar mhéadú coigeartaithe de réir séasúir de 18,900 (+0.9%) ar líon na ndaoine i bhfostaíocht i R2 2016.

Líon na nDaoine Dífhostaithe

- ◆ Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta coigeartaithe go séasúrach ó 8.3% go 7.9% i gcaitheamh na ráithe.
- ◆ Laghdú de 25,300 (-12.5%) a tháinig ar líon na ndaoine dífhostaithe sa bhliain go R3 2016, rud a fhágann líon iomlán na ndaoine dífhostaithe ag 177,700.
- ◆ Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 5.0% go 4.2% i gcaitheamh na bliana go R3 2016. Ba í dífhostaíocht fhadtéarmach ba chúis le 52.0% den líon iomlán dífhostaíochta i R3 2016, a sheasann i gcomparáid le 54.1% don tréimhse céanna bliain roimhe sin agus 56.7% sa tríú ráithe den bhliain 2014.

Lucht Saothair

- ◆ Bhí an líon iomlán daoine sa lucht saothair sa tríú ráithe de 2016 cothrom le 2,218,200, arb ionann sin agus méadú de 32,200 duine (+1.5%) i gcaitheamh na bliana. B'ionann an líon daoine nach raibh sa lucht saothair i R3 2016 agus 1,430,300, méadú de 3,100 duine (+0.2%) i gcaitheamh na bliana.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
T12 X00E
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 4984000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
T12X00E
Ireland

Dublin Office
+353 1 4984000

Íosghlao 1890 313 414 (Éire)
0870 876 0256 (RA/TÉ)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555

eolas@cso.ie
www.cso.ie/en/baile/

Chun teacht ar tuilleadh eolas, téigh i dteagmháil le Jim Dalton ag 021-453 5093 nó Martina O'Callaghan ag 021-453 5491.

Facs 021-453 5492.

R-phost labour@cs0.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

22 Samhain 2016

– CRÍOCH –